



## Preaseisiúint

### Tionscnamh Eorpach na Saoránach ó Aontas Esperanto na hEorpa (EEU) “Moladh go gcanfaí Aintiún na hEorpa in Esperanto”

Inné d’úsaid EEU an ceart nua a thugann Conradh Liospóin do shaoránaigh chun moltaí le feidhmiú na gConarthaí AE a fheabhsú, agus chuir sé an moladh seo a leanas chuig an gCoimisiún Eorpach chun é a chlárú:

*“Molann an AE go gcanfaí Aintiún na hEorpa sna focail a cumadh sa teanga neodrach uile-Eorpach, Esperanto, nuair is mian le saoránaigh a gcomhfhéiniúlach Eorpach a chur i bhfríotal.”*

Seo cuspóirí an tionscnaimh seo ó na saoránaigh:

- 1) cabhrú chun comhfhéiniúlacht Eorpach a neartú i gcomhcheol le féiniúlachtaí náisiúnta, réigiúnacha agus eile, is an AE a dhéanamh níos éifeachtaí do shaoránaigh sa tslí sin;
- 2) rannpháirtíocht an saoránach san imeascadh Eorpach a mhéadú;
- 3) cabhrú chun (1) agus (2) a bhaint amach le focail i dteanga neodrach, uile-Eorpach, ionas go bhféadfaidh saoránaigh canadh le chéile;
- 4) paireacht ghradaim a chinntiú do gach teanga Eorpach;
- 5) an dá mhír i mana an AE, “aontaithe san éagsúlacht” a athdhearbhú is a athchothromú, chun a chinntiú ná cuirtear róbhéim ar an éagsúlacht ar chostas na haontachta.

Ar an gcoiste tacaíochta 7-mball atá ina gcónaí i seacht dtír éagsúla AE, tá an **tOllamh Reinhard Selten** ón nGearmáin, a bhuaigh Duais Nobel, agus an polaiteoir cáiliúil, **Marco Pannella** ón Iodáil. Is é Seán Ó Riain, an Bhruiséil, uachtarán an choiste.

Is féidir téacas aintiún traidisiúnta na hEorpa a chanann EEU a chloisteáil ag [www.europo.eu/eo/euhropa-himno](http://www.europo.eu/eo/euhropa-himno), áit a bhfuil aistriúcháin go 23 teanga oifigiúil an AE, sa Chróitis, agus go cuid mhaith teangacha réigiúnacha, mionlaigh, agus domhanda (Sínis, Araibis, Rúisis, k Seapáinis, Hiondúis, Beangáilis, Indinéis). Tá fáilte roimh aistriúcháin bhreise.

Tá 2 mhí ag an gCoimnisiún Eorpach anois lena chinneadh an aontaíonn sé an moladh a chlárú. Má ghlacann an Coimisiún leis go gcabhraíonn moladh EEU chun Conarthaí an AE a chur chun feidhme níos fearr, agus go bhfuil sé d’inniúlacht aige a leithéid de mholadh a dhéanamh, tosódh EEU ar 1 milliún síniú a bhailiú i 27 tír an AE lena chur ar chumas an Chomisiúin an moladh reachtach a mheas. Is féidir tacú leis an moladh ar an ngréasán.

Do bhreis eolais, déan teagmháil le [sean.oriain@web.de](mailto:sean.oriain@web.de) (0032496-597763) nó le [jozef.reinvar@gmail.com](mailto:jozef.reinvar@gmail.com).

An Bhruiséil, 2 Aibreán 2012